C/2026/5587

28.10.2026

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 51(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(C/2026/5587)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Vinars Târnave’

Uimhir thagartha an Aontais — PGI-RO-02007-AM01-9.12.2024

1. **Ainm an táirge**

‘Vinars Târnave’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

Tásc geografach

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☒ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Rómáin

5. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge agus sa doiciméad aonair a mbaineann an leasú nó na leasuithe leis**

5.1. Ainm an táisc gheografaigh a athrú ó ‘Vinars Târnave’ go ‘Vinars Jidvei’ – ar fud na sonraíochta táirge agus an doiciméid aonair

5.2. Sainmhíniú ar an limistéar geografach – roinn 5 den tsonraíocht táirge agus roinn 8 den doiciméad aonair

5.3. Rialacha sonracha maidir le pacáistiú agus lipéadú – ranna 10 agus 11 den tsonraíocht táirge agus roinn 9 den doiciméad aonair

6. **Incháilitheacht mar leasú ar leibhéal an Aontais**

Iarrann an grúpa iarrthach S.C. JIDVEI S.R.L. go ndéantar an tsonraíocht le haghaidh na dí biotáillí ‘Vinars Târnave’ (TG) agus an doiciméad aonair gaolmhar a leasú i gcomhréir le hAirteagal 24(3), pointí (a)(iii), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2024/1143, is é sin:

— ainm an táisc gheografaigh a athrú ó ‘Vinars Târnave’ go ‘Vinars Jidvei’ ós rud é go meastar gur leasú ar leibhéal an Aontais é an t-athrú ar ainm táisc gheografaigh;

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— ba cheart athrú ar shainmhíniú an limistéir gheografaigh a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais, toisc go bhféadfadh sé difear a dhéanamh don chaoi a dtuigtear an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige don nasc idir an táirge agus an limistéar geografach;

— ba cheart tabhairt isteach ceanglas buidéalaithe sainordaitheach agus údar leis an gceanglas an táirge a bhuidéalú sa limistéar geografach sainithe a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais, toisc go n-athraíonn siad na coinníollacha faoinar féidir an táirge a chur ar an margadh.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) agus na cúiseanna leis (nó leo)**

7.1. *Ainm nó úsáid ainm*

Tuairisc

Ar fud na sonraíochta, tá an t-ainm 'Vinars Târnave' le hathrú go 'Vinars Jidvei'.

Cúis:

Sonraítear an méid seo a leanas sa tsonraíocht táirge le haghaidh an táisc gheografaigh 'Vinars Târnave', Uimhir AE PGI-RO-02007:

— Déantar Vinars a tháirgeadh i lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei, de réir phointe 1.4. 'Limistéar geografach a shainiú', fophointe 1.4.1. 'Tuairisc ar an limistéar geografach sainithe'. Tá fíonghort Târnave suite in abhantrach hidreagrafach dhá abhainn, Târnava Mică agus Târnava Mare, i gContae Alba, an Rómáin agus tá sé comhdhéanta de chúig lárionad fíonsaothrúcháin: Blaj, Jidvei, Mediaș, Târnăveni agus Zagăr. Is i lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei amháin a tháirgtear Vinars agus cuimsítear na ceantair seo a leanas: Jidvei, Șona, Cetatea de Baltă, Sânmiclăuș, Bălcaciu, Sântămărie, Tătârlaua, Crăciunelu de Sus, Tăuni agus Făget.

— Ní úsáidtear ach fíonchaora a bhaintear ó lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei chun vinars a tháirgeadh. Tugann na fíonchaora sin cáilíochtaí inaitheanta speisialta agus castacht don fhíon (an t-amhábhar) agus don bhranda ina dhiaidh sin. Déantar an vinars a bhuidéalú go heisiach i gceantar Jidvei, chun a dea-bholadh, a cumhracht shonrach agus a barántúlacht a chaomhnú, de réir phointe 1.5. 'An modh chun an deoch bhiotáilleach a fháil'.

— Úsáidtear an t-ainm Vinars Târnave le haghaidh biotáille fíona a fhaightear go heisiach trí fhíon a dhriogadh nó trí dhriogáit fíona a athdhriogadh suas le 86 % de réir toirte, agus a dhéantar as fíonchaora a bhuantar ó lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei (Fetească regală agus Riesling) atá suite sa limistéar críochaithe.

— (...) (...) Le blianta fada, ní dhearnadh Vinars Târnave a bhuidéalú ach amháin ag fíonghort Târnave agus i mbardas Jidvei amháin. Déantar buidéalú go heisiach ag an bhfoinse chun an dea-bholadh, cumhracht shonrach agus barántúlacht a chaomhnú.

Ós rud é go mbuantar na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh arb é an t-amhábhar é chun vinars a dhéanamh go heisiach ó lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei, agus go ndéantar an vinars a bhuidéalú i mbardas Jidvei amháin, tosca a bhaineann go soiléir le tionscnamh geografach, measaimid go bhfuil an táirge críochnaithe i dteideal an tásc geografach 'Vinars Jidvei' a bheith air.

I gcás tomhaltóirí, neartóidh an t-athrú ar an ainm ó 'Vinars Târnave' go 'Vinars Jidvei' cáil an vinars. Is branda é Jidvei a bhfuil aithne mhaith ag tomhaltóirí air cheana féin i gcaitheamh na mblianta.

I gcomhréir le breis agus 20 bliain den traidisiún, táirgeadh vinars ó fhíonchaora a buanadh i lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei agus a buidéalaíodh i mbardas Jidvei amháin. Tríd an ainm a athrú go 'Vinars Jidvei', cuideofar le borradh a chur faoin mbonneagar áitiúil agus faoin bhforbairt tuaithe trí earnáil talmhaíochta chliste, athléimneach agus éagsúlaithe a chur chun cinn agus trí chreatlach shocheacnamaíoch na gceantar tuaithe i lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei a neartú.

Tá lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei suite in áit atá an-oiriúnach go nádúrtha d'fhíonghoirt, ina gcaillteár sráidbhailte i measc cnoic a bhfuil fíonghoirt curtha iontu, eaglaisí treisithe ó thamall fada ó shin, caisleáin mheánaoiseacha agus séadchomharthaí stairiúla, ach limistéir bhlaistithe freisin inar féidir le daoine eolas a chur ar scéal an vinars, a bhfuil gach braon de ina léiriú ar sheoid spioradálta a áite tionscnaimh, agus ar sheoid spioradálta na n-áiteanna ina gcaomhnaítear cuid de shíocháin na gcéadta blianta roimhe seo.

Léiríonn suaitheantas sheanchaisleán Bethlen-Haller, atá greanta ar bhuidéil 'Vinars Jidvei', an nasc idir stair agus an áit tionscnaimh. Tógadh an caisleán, atá caite ach fós á fhorchur, i stíl Athbheochan na Fraince sa 17ú haois (1615-1624), agus tá an tseoid is luachmhaire sa réigiún suite ina shiléir. Is áit é Caisleán Bethlen-Haller ina bhfuil an stair fós ann sa lá atá inniu ann, agus ina dtagann barántúlacht agus bunús an tsráidbhaile le chéile le galántacht uaslathach na gcéadta blianta roimhe sin, rud a chruthaíonn eispéireas iontach turasóireachta fíona.

7.2. *Sainiú ar limistéir gheografaigh*

Tuairisc

Tá an téacs seo a leanas sa roinn 'Sainmhíniú ar an limistéar geografach' le leasú:

'Tá fíonghort Târnave suite in abhantrach hidreagrafach dhá abhainn, Târnava Mică agus Târnava Mare, i gContae Alba, an Rómáin agus tá sé comhdhéanta de chúig lárionad fíonsaothrúcháin: Blaj, Jidvei, Mediaș, Târnăveni agus Zagăr. Is i lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei amháin a tháirgtear Vinars agus cuimsítear na ceantair seo a leanas: Jidvei, Șona, Cetatea de Baltă, Sânmiclăuș, Bălcaciu, Sântămărie, Tătârlaua, Crăciunelu de Sus, Tăuni agus Făget.'

Tá an méid a leanas le cur ina ionad sin:

'Tá lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei mar chuid d'fhíonghort Târnave, atá suite in abhantrach hidreagrafach dhá abhainn, Târnava Mică agus Târnava Mare, i gContae Alba, an Rómáin. Cuimsíonn fíonghort Târnave seacht lárionad fíonsaothrúcháin (Blaj, Jidvei, Sighișoara, Mediaș Sibiu, Târnăveni, Zagăr agus Valea Nirajului), agus cuimsíonn limistéar geografach lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei, ina dtáirgtear "Vinars Jidvei", na ceantair seo a leanas atá suite i gContae Alba:

Bardas Jidvei - sráidbhailte Jidvei, Bălcaciu, Căpâlna de Jos, Feisa agus Veseuș;

Bardas Cetatea de Baltă - sráidbhailte Cetatea de Baltă, Sântămarie, Crăciunelul de Sus agus Tătârlaua;

Bardas Șona - sráidbhailte Șona, Biia, Lunca Târnavei, Sânmiclăuș, Valea Sasului agus Alecuș;

Bardas Valea Lungă - sráidbhailte Tăuni agus Făget.'

Cúis

Is é is cuspóir don leasú an limistéar geografach atá i gceist a shainiú go beacht, is é sin lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei, tar éis an nuashonraithe náisiúnta ar ainmniúchán limistéar fíonsaothrúcháin agus aicmiú ceantar i réigiúin fíonsaothrúcháin, i bhfíonghoirt agus i lárionaid fíonsaothrúcháin (Ordú Uimh. 84/2023 ón Aireacht Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe).

7.3. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú agus lipéadú*

An téacs seo a leanas sa roinn 'Rialacha sonracha maidir le lipéadú':

Déantar 'Vinars Târnave' a bhuidéalú i mbuidéil 700 ml. Tá na buidéil éadathach, beagán cónúil agus tá marcáil shonrach orthu, rud a idirdhealaíonn iad ó aon bhuidéal eile a chuirtear ar an margadh sa Rómáin. Greamaítear lipéid ar aghaidh na mbuidéal chun faisnéis faoin táirge, toilleadh agus neart alcóil a thaispeáint, agus greamaítear lipéid chúil freisin ar a dtaispeántar faisnéis faoin tréimhse aosaithe i mbairillí adhmaid agus i ndriogáit an fhíona a fhaightear.'

leasaítear é agus roinntear ina dhá fhoroinn é, 'Rialacha sonracha maidir le pacáistiú' agus 'Rialacha sonracha maidir le lipéadú'.

Rialacha sonracha maidir le pacáistíocht:

'Déantar "Vinars Jidvei" a bhuidéalú i mbuidéil ghloine 50 ml, 100 ml, 350 ml, 500 ml, 700 ml nó 1 000 ml de chruthanna éagsúla, ar a bhfuil marcáil shonrach (suaitheantas Chaisleán Bethlen-Haller), lena n-idirdhealaítear iad ó aon bhuidéal eile a chuirtear ar an margadh. Beidh lipéadú ar na buidéil a fhéadfar a chló, a stampáil, a mharcáil, a ghreanadh nó a atáirgeadh ar an ngloine, nó a fhéadfar a cheangal de phacáistiú nó de bhuidéal an táirge chríochnaithe, ar a dtaispeánfar an fhaisnéis shainordaitheach a cheanglaítear faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm tráth an lipéadaithe.'

Cúis

Cinntear cuspóir an leasaithe toisc go bhféadfadh bunú oibleagáidí nua a bheith mar thoradh air, rud a d'fhágfadh go gcuirfí nósanna imeachta trádála sriantacha chun feidhme.

Ina theannta sin, cuireadh isteach an t-údar leis an gceanglas an táirge a bhuidéalú sa limistéar geografach. Chun cáilíocht an táirge a choinneáil ar bun, ní mór bulciompar a sheachaint, agus na hoibríochtaí teicneolaíochta um chaolú, cumasc agus homaiginiú á ndéanamh sa limistéar geografach sainithe, cuidítear le cáilíocht agus aonfhoirmeacht an táirge a chaomhnú, agus leis an bpróifíl chéadfach shaintréitheach a choinneáil ar bun go comhsheasmhach.

8. **Faisnéis bhreise**

8.1. *San iarratas seo ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais tá leasú caighdeánach nó leasuithe caighdeánacha a bhfuil dlúthbhaint aige nó acu leis an leasú ar leibhéal an Aontais*

Tá ☐ Níl ☒

8.2. *Tá an t-iarratas seo ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ann ós rud é nár tugadh i gcrích i mBallstát amháin nó níos mó céim náisiúnta an nós imeachta maidir le hiarratas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach trasteorann, dá dtagraítear in Airteagal 5(10), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27*

Tá ☐ Níl ☒

DOICIMÉAD AONAIR

Tásca geografacha i ndáil le deochanna biotáilleacha

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Vinars Jidvei'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

Tásc geografach

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Rómáin

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2208 – Alcól eitile gan dínádúrú ar lú ná 80 % a neart alcóil de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile

5. **Catagóir nó catagóirí, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787, lena mbaineann an deoch bhiotáilleach**

Biotáille fíona

6. **Modh táirgthe**

Úsáidtear an t-ainm 'Vinars Jidvei' le haghaidh branda a fhaightear go heisiach trí fhíon a dhriogadh nó trí dhriogáit fíona a athdhriogadh suas le 86 % de réir toirte, agus déantar é as fíonchaora a bhuantar ó lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei (Fetească regală agus Riesling) atá suite sa limistéar críochaithe. Buantar fíonchaora ag an lánaibíocht, ó mhí Mheán Fómhair amach, ag tiúchan siúcra idir 145 agus 200 g/l, in éineacht le haigéadacht ard idir 5 agus 7 g/l H2SO4. Tar éis na buana, iompraítear na fíonchaora chuig an bhfíonlann a luaithe is féidir (laistigh d'uair an chloig ón bpiocadh) chun ocsaídiú agus scriosadh na gcomhdhúl dea-bholaidh a chosc.

Is é an chéad chéim eile díghasú (na gais a bhaint), agus an tráth céanna gan na síolta a bhriseadh ná a bhrú. Brúitear an marc díreach tar éis díghasú nó tar éis tréimhse ghearr maothúcháin (suas le 8 n-uair an chloig). Téann an t-úrfhíon a fhaightear faoi scinceáil ghairid ar feadh thart ar 8 n-uair an chloig, agus ansin doirtear isteach in umair choipiúcháin é. Tarlaíonn coipeadh alcólach in umair chruach dhosmálta atá feistithe le córais rialaithe teochta coipiúcháin.

Tar éis chéim mhall an choipthe a chur i gcrích, líontar na humair agus tá an fíon 'faoi chosaint' gan níos mó ná 15 mg/l SO2. Go dtí go ndéantar é a dhriogadh, coinnítear an fíon ar an moirt ag teochtaí faoi bhun 15 °C. Ba cheart an driogadh a dhéanamh a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná an 15 Meitheamh an bhliain dár gcionn. Driogtar an fíon chun driogáit ardchaighdeáin a fháil a bhfuil blas agus dea-bholadh sonrach uirthi.

Athdhriogtar an driogáit ag a bhfuil neart alcóil idir 30 % agus 64 % de réir toirte. Braitheann rath na hoibríochta an-íogair sin ar cheardaíocht an driogaire.

Tá idir 84 % agus 96 % alcóil de réir toirte sa driogáit tosaigh agus sa cheann (na chéad chodanna den driogáit) agus scartar amach iad. Tá siad sin cothrom le 0,6 go 1,8 % de thoirt na chéad driogáite. Tá cuma bhainne ar an gceann agus bíonn boladh míthaitneamhach air. Is í an driogáit féin (an croí) an cháilíocht is fearr, tá neart alcóil idir 70 agus 86 % de réir toirte ann, agus déantar í a aosú i mbairillí darach ina dhiaidh sin.

Ní chuirtear blas ar bhiotáille fíona Jidvei. Úsáidtear caramal chun an dath a choigeartú.

Ní chuirtear alcól isteach, de réir bhrí Iarscríbhinn I(4)(c) a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787.

Aibiú nó aosú

Déantar an branda a thástáil le haghaidh a thréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha agus déantar é a chaolú go halcól 60 % go 65 % de réir toirte trí úsáid a bhaint as uisce dímhianraithe. Tarlaíonn aosú (aibiú) i mbairillí darach ag a bhfuil toilleadh nach mó ná 600 lítear ag teochtaí faoi bhun 18 °C agus ag bogthaise choibhneasta idir 75 % agus 92 %. Ag deireadh an phróisis aibithe, déantar an branda a thástáil le haghaidh a thréithe orgánaileipteacha agus ceimiceacha.

An vinars a ullmhú lena buidéalú

Déantar an neart alcóil a choigeartú de réir an chineáil vinars atá le táirgeadh, trí chaolú le huisce dímhianraithe. Ní úsáidtear caramal ach amháin chun an dath a cheartú. Stóráiltear an vinars in umair cruach dosmálta, idir mí amháin agus 6 mhí roimh bhuidéalú, lena cumasc agus lena cobhsú.

7. **Tuairisc ar shaintréithe na dí biotáillí**

7.1. *Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha an fhíona a úsáidtear mar amhábhar*

Tá na cáilíochtaí seo a leanas ag an bhfíon a úsáidtear mar amhábhar lena dhriogadh:

Paraiméadar	Aonad tomhais	Luach
Neart alcóil	% toirte	8,5 - 12.
Aigéadacht iomlán	g/l $C_4H_6O_6$	6,5 ar a laghad.
Aigéadacht luaineach	g/l CH_3COOH	1 ar a mhéad
Ainhidríd shulfarúil shaor	mg/l	65 ar a mhéad
Siúcraí dí-ocsaídithe	g/l	3

7.2. *Tréithe orgánaileipteacha na biotáille fíona 'Vinars Jidvei'*

Cuma: gléghlan, gan dríodar ná cáithníní ar crochadh.

Dath: órbhuí éadrom ina mbíonn fordhathanna ómra.

Dea-bholadh: casta, ina mbíonn imireacha deasa fanaile, agus cumhracht thipiciúil a fuarthas le linn aosú i mbairillí darach (Jidvei), lán le comhdhúile so-ghalaithe a bhaineann go sonrach leis an driogáit.

Blas: mín, comhchuí agus gnáthbhlas na ndriogáití aosaithe.

7.3. *Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na biotáille fíona 'Vinars Jidvei'*

Ábhar substaintí so-ghalaithe atá cothrom le 125 ghram in aghaidh an heictilítir d'alcól 100 % de réir toirte nó níos mó ná sin

Uaschion meatánóil: 200 gram in aghaidh an heictilítir d'alcól 100 % de réir toirte

Is é 37,5 % an neart íosta alcóil de réir toirte atá ag biotáille fíona

Ábhar tirim: ag 100° Celsius (g/l): 0,400

Alcóil níos airde: (mg/100 ml A.A): 300 ar a mhéad

Eistir (mg/100 ml A.A): 500 ar a mhéad

Aildéid (mg/100 ml A.A): 60 ar a mhéad

Aigéadacht iomlán (mg/100 ml A.A): 350 ar a mhéad

Fúrfúral (mg/100 ml A.A): 2 ar a mhéad

7.4. *Saintréithe sonracha an táirge i gcomparáid le deochanna biotáilleacha eile den chatagóir chéanna*

I gcomparáid le deochanna biotáilleacha comhchosúla, tá 'Vinars Jidvei' níos míne agus níos olartha, agus tá comhdhéanamh aramatach aici atá cothrom go maith idir alcóil, eistir, aildéid agus aibiú i mbairillí darach. Ní tháirgtear an fíon, an t-amhábhar, ach amháin i bhfíonghoirt lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei. Blasanna bláthacha agus torthaíocha a bhaineann go sonrach leis na cineálacha Fetească regală agus Riesling is mó atá sa driogáit óg.

8. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Cuimsíonn limistéar geografach 'Vinars Jidvei' na ceantair seo a leanas atá suite i gContae Alba, a chuimsíonn lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei:

— Bardas Jidvei - sráidbhailte Jidvei, Bălcaciu, Căpâlna de Jos, Feisa agus Veseuș;

— Bardas Cetatea de Baltă - sráidbhailte Cetatea de Baltă, Sântămarie, Crăciunelul de Sus agus Tătârlaua;

— Bardas Șona - sráidbhailte Șona, Biia, Lunca Târnavei, Sânmiclăuș, Valea Sasului agus Alecuș;

— Bardas Valea Lungă - sráidbhailte Tăuni agus Făget.

9. Rialacha sonracha maidir le pacáistiú agus lipéadú na dí biotáillí dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe

9.1. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú*

Déantar 'Vinars Jidvei' a bhuidéalú i mbuidéil ghloine 50 ml, 100 ml, 350 ml, 500 ml, 700 ml nó 1 000 ml de chruthanna éagsúla, ar a bhfuil marcálacha sonracha (suaitheantas Chaisleán Bethlen-Haller), lena ndéantar idirdhealú idir iad agus aon bhuidéal eile a chuirtear ar an margadh.

Le blianta fada, tá 'Vinars Jidvei' á bhuidéalú go heisiach i lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei. Déantar buidéalú go heisiach ag an bhfoinse chun an dea-bholadh, cumhracht shonrach agus barántúlacht a chaomhnú.

Tuairisc ar an srian geografach ar bhuidéalú sa limistéar tionscnaimh agus an chúis atá leis

Tá an srian ar bhuidéalú 'Vinars Jidvei' sa limistéar táirgeachta amháin (lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei) bunaithe ar chúiseanna oibiachtúla a bhaineann le cáilíocht, barántúlacht agus cáil an táirge. Agraítear na príomhargóintí seo a leanas maidir le teicníc, cáilíocht agus traidisiún chun tacú leis an srian sin.

Is céim fhíor-riachtanach é buidéalú sa limistéar tionscnaimh chun saintréith shainiúil 'Vinars Jidvei' a choinneáil ar bun, ar saintréith í a eascraíonn as sraith tosca nádúrtha, teicneolaíocha agus daonna a bhaineann go sonrach leis an limistéar. Rannchuidíonn na dálaí áitiúla, an saineolas teicneolaíoch agus na próisis táirgthe agus phacáistithe a rialaítear go docht le táirge de cháilíocht chomhsheasmhach a fháil, a bhfuil cumhracht chasta agus dea-bholadh cothrom air a aithníodh le himeacht ama.

Leis an gcleachtas traidisiúnta sin, atá in úsáid le blianta fada anuas, ní hamháin go n-áirithítear go gcaomhnaítear tréithe orgánaileipteacha an táirge, ach ráthaítear inrianaitheacht leis freisin agus cosnaítear an t-ainmniúchán geografach ar aon mhí-úsáid. Is traidisiún áitiúil infhíoraithe agus doiciméadaithe é an cleachtas comhsheasmhach sin.

Argóintí teicniúla agus cáilíochtúla

Déantar 'Vinars Jidvei' a aosú, agus tá a cothromaíocht aramatach íogair d'ocsaigin, solas, éagsúlachtaí teochta agus creathanna. D'fhéadfadh bulc-iompar lasmuigh den limistéar tionscnaimh na comhdhúile aramatacha so-ghalaithe a dhíghrádú. Íoslaghdaíonn buidéalú sa limistéar tionscnaimh na rioscaí sin, rud a chaomhnaíonn an phróifíl chéadfach bharántúil. Tá airíonna ag an uisce dímhianraithe a úsáidtear in Jidvei a rialaítear agus a thástáiltear go rialta. D'fhéadfadh úsáid foinsí eile an blas deiridh a athrú. Chiallódh buidéalú in áit eile go gcaillfí smacht ar an ngné sin den chomhdhéanamh.

Déantar na baisceanna aibithe éagsúla a chumasc faoi mhaoirseacht an mháistirdhriogaire. Tríd an bpróiseas sin a choinneáil sa limistéar tionscnaimh, áirithítear go bhfuil na baisceanna aonchineálach agus go n-atáirgtear an phróifíl chéadfach go dílis.

Argóintí a bhaineann le hinrianaitheacht, barántúlacht agus rialú

Inrianaitheacht iomlán an táirge a áirithiú

Trí bhuidéalú a dhéanamh sa limistéar tionscnaimh, is féidir an próiseas táirgthe iomlán ón bhfíon amh go dtí an táirge críochnaithe a rianú go héasca, rud a áirithíonn go bhfuil an táirge táisc gheografaigh faoi chosaint barántúil.

Argóintí a bhaineann leis an eacnamaíocht agus leis an gcothroime idir táirgeoirí

Ní chuireann an srian ar thionscnamh teorainn leis an iomaíocht ach áirithítear leis cóir chothrom idir táirgeoirí sa limistéar TG, a chuireann na dianchoinníollacha cáilíochta céanna i bhfeidhm.

Ina theannta sin, trí bhuidéalú a choinneáil sa limistéar tionscnaimh tacaítear le forbairt eacnamaíoch áitiúil (poist, infheistíocht sa teicneolaíocht).

9.2. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú*

Tá lipéadú ag 'Vinars Jidvei' a fhéadfar a phriontáil, a stampáil, a mharcáil, a ghreanadh nó a phriontáil ar an mbuidéal gloine, nó a fhéadfar a cheangal de phacáistiú nó de bhuidéal an táirge chríochnaithe, ar a dtaispeántar an fhaisnéis shainordaitheach a cheanglaítear faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm tráth an lipéadaithe.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Is í aeráid agus ithir an réigiúin is cúis le cáilíocht an fhíona (an t-amhábhar) a úsáidtear le haghaidh driogtha. Tá na dálaí nádúrtha a thagann chun cinn sa limistéar geografach sainithe i measc na ndálaí is fabhraí le haghaidh saothrú fíniúna, toisc go bhfuil an limistéar i gcrios fíonsaothrúcháin B.

Is fachtóir éiceolaíoch fíor-riachtanach í an aeráid i mbunú agus i bhforbairt lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei. Tá an aeráid measartha ilchríochach le samhraí te go leor, geimhrí crua agus taise, agus fómhair fhada agus ghlana den chuid is mó le maiseanna aeir ag teacht isteach ón iarthar, agus cosnaíonn sliabhraon Shléibhte Cairp an réigiún ó na sruthanna aeir fhuair ón oirthuaisceart agus ón oirthear.

Is í teocht an aeir an phríomhthoisc a chuireann teorainn le saothrú fíniúnacha, a spreagann na céimeanna d'fhás fíniúnacha agus a chinneann cainníocht agus cáilíocht an táirgthe go páirteach. Baineann laethanta ceomhara ag deireadh an tsamhraidh go sonrach leis an limistéar sin; leanann an aimsir sin ar feadh beagnach aon trian den fhómhar (mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair), rud a fhágann go ndéantar na fíonchaora a aibiú go mall agus go gcoinnítear dea-bholaithe agus leibhéil aigéadachta atá ard go comhsheasmhach, rud a chuireann feabhas ar cháilíocht an fhíona a tháirgtear. Ina theannta sin, le linn thréimhse aibithe na bhfíonchaor, bíonn meánteochtaí an lae thart ar 22 °C agus bíonn meánteochtaí na hoíche thart ar 12 °C.

Mar thoradh ar an dá thoisc sin, tagann méadú seasmhach ar mhéid siúcra na bhfíonchaor agus laghdaítear an aigéadacht, agus fanann sé go measartha comhsheasmhach ar leibhéal beagán níos airde (thart ar 8-9 g/l d'aigéad tartarach). Tá an comhshaol sin d'ocsaídiúchán fíonchaor laghdaithe fabhrach do mhéadú leanúnach ar cháilíocht na gcomhpháirteanna blasanna saora agus ceangailte, a bhíonn ar leibhéil arda ag deireadh na tréimhse aibithe.

Tá an rilíf garbh, toisc go mbíonn an tírdhreach cnocach de ghnáth. Is iondúil go mbíonn na fíonghoirt ar na fánaí theas, thoir theas nó thiar theas, agus sna gleannta idir cnoic, áit a bhfuil teas agus solas, lena gcuirtear foscadh ar fáil do na fíniúnacha in aghaidh na gaoithe agus na gceochán fómhair agus earraigh dhéanaigh.

Tá réimse leathan cineálacha agus fochineálacha ithreach ag lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei: Eiméiseabhunúsach donn, cré ghlárach dhonn, Reigeasal carbónáite, ithreacha snaíochair agus antrapacha. Tá ithreacha snaíochair carbónáite le fáil ag bun na bhfánaí agus i micrea-logcheantair. Tá veirteasail forleathan freisin agus ní minic a fhaightear ithreacha gainmheacha.

Bíonn an fhrasaíocht idir 500 agus 700 mm, a dtiteann ar a laghad 250 go 300 mm di sa tréimhse fáis, bíonn an buaicphointe ann i mí na Bealtaine go mí Iúil/mí Lúnasa (fabhrach do na feineachéimeanna fásúla) agus bíonn íosleibhéil sheasta ann san fhómhar (rud atá go maith le haghaidh aibithe agus le haghaidh carnadh siúcra agus blasanna).

Tugann an suíomh geografach mar aon leis an rilíf chnocach buntáistí bitheolaíocha agus peidichlíomacha don réigiún atá fabhrach do shaothrú fíniúnacha.

Is é Fetească regală an cineál fíniúna is mó a úsáidtear mar amhábhar.

Tá lárionad fíonsaothrúcháin Jidvei suite ar ardchlár aibhneacha Târnava Mică agus Târnava Mare, agus tá sé i gcrios fíonsaothrúcháin B. Leis na dálaí aeráide le linn thréimhse aibithe na bhfíonchaor, cruthaítear carnadh mór dea-bholaithe atá bainteach le leibhéil arda aigéadachta, rud a thugann (an t-amhábhar) don fhíon agus ina dhiaidh sin, a chomhdhéanamh agus a cháilíochtaí inaitheanta don bhranda.

Braitheann 'Vinars Jidvei' ar na cineálacha fíniúna, ar na dálaí aeráide le linn thréimhse aibithe na bhfíonchaor (nach bhfuil ann ach sa limistéar sin), ar struchtúr agus ar chomhdhéanamh an fhíona, ar na cineálacha fíniúna a úsáidtear, ar chomhdhéanamh agus ar chineál na darach, ar na paraiméadair a chuirtear i bhfeidhm le linn an aosaithe (teocht agus bogthaise), agus ar an modh driogtha (saineolas an driogaire). Leis an leibhéal ard aigéad (a athraíonn idir 7,5 agus 10,7 g/l d'aigéad tartarach) is féidir an fíon a chaomhnú go nádúrtha le linn mhíonna an gheimhridh. Is paraiméadar tábhachtach é sin le linn an driogtha agus fágann sé go mbíonn tiúchan ard dea-bholaithe ann.

Is cineál fíniúna dúchasaí é Fetească regală, a tháinig ó lasmuigh d'fhíonghort Târnave. Sular tháinig fiollocsaeire chun cinn, tugadh Fetească de Ardeal ar an gcineál agus is crosáil nádúrtha é ar na cineálacha Grasă agus Fetească albă. Rinneadh beangú den chéad uair i bhfíonghort Târnave agus as sin d'eascair an cineál darb ainm Fetească regală.

Is ó na foraoisí i mbardas Jidvei a thagann an t-amhábhar a úsáidtear chun na bairillí adhmaid a dhéanamh. Le breis agus 300 bliain, is daoine áitiúla a dhéanann na bairillí a úsáidtear chun an driogáit fíona a aibiútrí úsáid a bhaint as adhmaid ó na foraoisí céanna. Roghnaítear na crainn agus leagtar iad. Déantar na cláir darach a thriomú ar feadh 40 mí i seomraí atá cosanta ar sholas na gréine. Déantar an t-adhmad a thóstáil thar dhóiteán adhmaid ach na bairillí a bheith tógtha. Is tosca iad tionscnamh an adhmaid agus an modh triomaithe, tógála agus tóstáilte a thugann dath, toirt, cumhracht ina mbíonn imireacha deasa fanaile, míne agus dea-bholaithe láidre a chruthaítear le linn eistearú agus éitearú don bhranda ina dhiaidh sin.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://madr.ro/docs/ind-alimentara/2025/caiete-de-sarcini-2025/caiet-de-sarcini-Vinars-Jidvei-17.11.2025.pdf